eTwinning
Co-funded by the European Union
léargas

# Seachtain na Gaeilge

# Ceiliúradh Fíorúil ar an nGaeilge agus ar Oidhreacht na hÉireann ann



## CAD É eTWINNING?

Is ardán ar líne é eTwinning a thacaíonn le múinteoirí agus oideachasóirí oibriú ar thionscadail chomhoibritheacha le chéile in aon réimse curaclaim.

## CÉN FÁTH A NGLACFÁ PÁIRT IN eTWINNING?

- Tá suíomh gréasáin tiomnaithe againn inar féidir le múinteoirí próifíl a chruthú, comhpháirtithe a chuardach, a dtionscadail eTwinning féin a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Tá teacht ag múinteoirí ar 'TwinSpace' freisin. Is spás oibre príobháideach, slán ar líne é seo ina riarann tú féin agus do chomhpháirtí/comhpháirtithe an tionscadal agus inar féidir cuireadh a thabhairt do scoláirí cur leis an TwinSpace mar bhaill.
- Éascaíonn eTwinning deiseanna foghlama ar líne agus duine le duine do mhúinteoirí chun a scileanna, a n-inniúlachtaí agus a gcur chuige oideolaíoch a fheabhsú
- Feabhsaíonn nádúr comhoibritheach eTwinning muinín agus scileanna cumarsáide na scoláirí
- Tugann eTwinning dearcadh idirnáisiúnta do scoláirí maidir lena gcuid foghlama agus oideachais

## CAD É TIONSCADAL eTWINNING SHEACHTAIN NA GAEILGE?

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal eTwinning seo Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh trí Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna a nascadh le scoileanna eile timpeall na hÉireann, trí réimse gníomhaíochtaí fíorúla a chuireann an Ghaeilge, tuiscint chultúrtha agus comhoibriú chun cinn.

### Príomheolas:

**Leibhéal deacrachta:** Tosaitheoir

**ríomhinniúlachtaí:** Scileanna Digiteacha, Scileanna Teanga, Scileanna cruthaitheacha, Scileanna Cur i Láthair, Obair Foirne.

**Ábhair:** Gaeilge, Béarla, Stair, Tíreolaíocht, OSSP, Ceol, Ealaín

**Leibhéal:** (Rang 2 go Rang 6) & Iar-bhunscoil

**Tréimhse ama Mholta:** 1 - 2 Seachtai

**Conas clárú:**

1. Socraigh próifíl ar dtús ar ESEP anseo: ESEP
2. Roghnaigh do ról mar 'mhúinteoir'.
3. Nuair a dheimhníonn tú do phróifíl trí ríomhphost, ba cheart duit leid a fháil chun dul le eTwinning.
4. I mbarra cuardaigh d'eagraíochtaí, cuir isteach ainm do scoile.
5. Déanfar do phróifíl a bhailíochtú ansin ar an ardán.



# CONAS IS FÉIDIR LE MO SCOIL PÁIRT A GHLACADH SA TIONSCADAL SEO?

**Lean na céimeanna seo chun tosú ag nascadh agus ag comhoibriú le scoileanna eile timpeall na hÉireann:**

Céim 1: **Déan nasc** - Aimsigh scoil/scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm **Cuardaigh Comhpháirtithe** ar an ardán eTwinning

Céim 2: **Cruthaigh** – Déanann scoláirí iniúchadh ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Ansin cruthaíonn siad ábhar chun an méid a d'fhoghlaim siad a thaispeáint.

Céim 3: **Comhoibrigh** - Comhoibrigh le do scoil/scoileanna comhpháirtíochta chun an méid atá foghlamtha agat a roinnt.

## Céim 1: Déan nasc

- Aimsigh do scoil/scoileanna comhpháirtíochta tríd an bhfeidhm **People** ar an ardán eTwinning anseo. Is féidir leat oibriú le múinteoir eile i do scoil féin, nó múinteoir a fháil i scoil eile in Éirinn.
- Bain úsáid as an bhfeidhm **Online Meetings** i **TwinSpace** chun do scoil a thabhairt isteach sa spás fíorúil.
- Cuir do scoil in aithne le físeán scoile nó le taispeántas sleamhnán (m.sh. PowerPoint, Keynote, SlideShare).
  - D'fhéadfá cuid díobh seo a leanas a chur san áireamh: léarscáil den scoil, a suíomh, seomraí speisialaithe, limistéir chlóis, halla corpoideachais, ceaintín, seomraí ranga agus limistéir chaidrimh.
  - D'fhéadfá fotheidil/teidil a chur i nGaeilge
- Comhaontaigh plean oibre agus sceideal ama agus roinn le do chomhpháirtí/comhpháirithe é agus forbair smaointe le haghaidh topaicí. Foilsigh an plean oibre i do TwinSpace agus mionathraigh de réir mar is gá.

## Céim 2: Cruthaigh

- Déan iniúchadh ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann trí ghnéithe amhail teanga, traidisiúin, béaloideas, ceol, spórt agus litríocht na hÉireann a fhiosrú, ag cur béime ar ábharthacht agus ar shaibhreas na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh. Is féidir leat do chuid taighde a uaslódáil chuig **Pages**.
- Meall daltaí isteach i bplé idirghníomhach ar líne faoi éagsúlacht teanga agus faoi thábhacht na tuisceana cultúrtha. (Moltaí: Mentimeter, WordArt.com)
- Pléigh eispéiris phearsanta ó thaobh nasc scoláirí le hoidhreacht na hÉireann nó ó thaobh teangacha agus cultúir éagsúla a iniúchadh. Úsáid **Forum** don ghníomhaíocht seo.
- Spreag na scoláirí trí ghrianghraif, físeáin, nó sleachta ó litríocht agus ceol na hÉireann (YouTube) a chur ar taispeáint. Is féidir an t-ábhar seo a uaslódáil chuig an **Files and Images** Section sa **TwinSpace**.
- Cuir gníomhaíocht teanga idirghníomhach shimplí san áireamh, mar shampla amhrán cáiliúil a mhúineadh i nGaeilge (Lurgan TV - YouTube). Is féidir iad seo a leabú sa **TwinSpace**.





## Céim 3: Comhoibrigh

- Roinneann na scoláirí an méid atá foghlamtha acu go dtí seo.
- Leanann scoileanna comhpháirtíochta ag iniúchadh Oidhreacht Chultúrtha na hÉireann trí dhul i mbun gníomhaíochtaí comhoibritheacha. Anseo thíos, tá liosta gníomhaíochtaí a mholtar:

## Moltaí Gníomhaíochta Tionscadail:

### 1. BLAG MALARTAITHE TEANGA

- Bunaigh blag nasctha (Padlet) idir scoileanna agus glac páirt i **TwinSpace** comhroinnte ar líne.
- Scríobh postálacha blag i nGaeilge, ag roinnt eispéireas, smaointe agus an saol laethúil.
- Déan taifeadadh/podchraoladh fuaime ag úsáid Audacity, nó Garage Band, ag roinnt eispéireas pearsanta, trí Ghaeilge.

---

### 2. CAIFÉ TEANGA FÍORÚIL

- Eagraigh seisiúin fhíorúla 'caifé teanga' trí úsáid a bhaint as an áis **Online Meeting**.
- Tabhair faoi chomhráite ócáideacha agus cluichí Gaeilge a imirt (Digital Dialects /www.gamesasgaeilge.ie).

---

### 3. AISPEÁNTAS CULTÚR NA HÉIREANN

- Déan taighde agus cruthaigh cuir i láthair ilmheán (físeáin, seónna sleamhnán srl.) ina dtaispeántar gnéithe éagsúla de chultúr na hÉireann. Cuir san áireamh ceol, filíocht, rince, béaloideas, féilte, agus ealaín thraidisiúnta na hÉireann

  (Uaslódáil chuig **Files and Images Folders** sa **TwinSpace**.)

---

### 4. SCÉALAÍOCHT CHOMHOIBRÍOCH

- Start a collaborative storytelling project (StoryJumper / BookCreator) with each school contributing to create a story in Irish. This story could be based on an Irish legend/ myth such as The Salmon of Knowledge, Tír na Óg, or An Gobán Saor.

  (Leabaigh sa **TwinSpace é**.)

---

### 5. CARA PINN LE COR

- Déan obair i mbeirteanna le scoláirí ó scoileanna éagsúla mar chairde pinn.
- Ansin is féidir le scoláirí cumarsáid a dhéanamh go rialta ag úsáid na Gaeilge chun eolas a roinnt faoina gcultúir, a scoileanna, agus a saol.

---

### 6. DÚSHLÁIN GHAEILGE

- Cuir roinnt dúshlán teanga san áireamh inar féidir le scoláirí ó gach scoil rannpháirteach dul san iomaíocht. Mar dhúshláin, d'fhéadfaí gearrfhíseáin a chruthú, dánta a scríobh, nó míreanna mearaí a bhaineann le teanga na Gaeilge a réiteach. Is féidir le scoláirí vótáil ar son an ábhair is fearr leo, mar shampla, trí leas a bhaint as pobalbh-reitheanna Mentimeter.

  (Uaslódáil iad seo chuig an áis **Pages** sa **TwinSpace**.)

---

### 7. LÁ AN MHALARTAITHE CHULTÚRTHA

- Pleanáil lá fíorúil malartaithe cultúrtha ina gcuireann gach scoil gné thraidisiúnta de chultúr na hÉireann i láthair. D'fhéadfadh taibhithe, taispeántais agus plé a bheith san áireamh leis seo. s.

  (Taifeadaigh agus uaslódáil ar YouTube agus leabaigh sa **TwinSpace** iad.)

### 8. TRÁTH NA GCEIST GAEILGE AR LÍNE

- Forbair tráth na gceist idirghníomhach ar líne le ceisteanna a bhaineann leis an nGaeilge, leis an stair agus leis an gcultúr. (Blooket / Kahoot). Is féidir le scoileanna foirne a chruthú agus dul san iomaíocht i bhfíor-am, go fíorúil.

### 9. SEISIÚN CEOIL FÍORÚIL (SEISIÚN CEOIL)

- Óstáil seisiún ceoil fíorúil ina dtaispeánann daltaí a mbuanna ceoil le huirlisí, nó amhráin thraidisiúnta Éireannacha. Is féidir é seo a bheith ina léiriú comhoibritheach le scoláirí ag cur leis ó áiteanna éagsúla.

  (Taifeadaigh agus Uaslódáil ar YouTube agus leabaigh sa **TwinSpace** agus sa áis **Videos File** é.)

### 10. DÚSHLÁIN SPÓIRT GHAELAIGH

- Tabhair isteach dúshláin chairdiúla a bhaineann le spóirt thraidisiúnta na hÉireann, ar nós iománaíochta nó peile Gaelaí. Is féidir le scoláirí iad féin a thaifeadadh agus iad ag tabhairt faoi na dúshláin agus na físeáin agus na taifid a roinnt le scoileanna rannpháirteacha eile (Poc is faide, Ciceanna Pionóis, Scóráil Phointe, Rití Aonair).

  (Taifeadaigh agus Uaslódáil ar YouTube agus leabaigh sa **TwinSpace** agus sa áis **Videos File** é.)

### 11. TURAIS FHÍORÚLA - EOLAS TOSAIGH AR AN ARD-MHÚSAEM

- Dún Uí Choileáin - glac páirt i dturas fíorúil tosaigh, ag glacadh isteach cuid de na buaicphointí ó stair mhíleata agus bailiúcháin ealaíon maisiúil an Mhúsaeim.
- Ailtireacht an Ard-Mhúsaeim - taispeántas 3D den Phríomhchúirt, An Státchiste agus Viking Ireland.
- Poblacht a Fhógairt: Éirí Amach 1916
- Turas Grianstad an Gheimhridh

  Ar fáil ag: https://www.museum.ie/en-IE/Museum-at-Home/Virtual-tours-and-visits

## TORTHAÍ FOGHLAMA

**Cuirfear ar chumas na scoláirí:**

- Inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí teanga struchtúrtha, comhráite, agus tionscadail chomhoibritheacha
- Feasacht chultúrtha agus tuiscint ar oidhreacht, traidisiúin agus nósanna na hÉireann a mhéadú.
- Foghlaim na Gaeilge a chomhtháthú le hábhair eile, ag tabhairt tuiscint níos fearr ar an teanga agus ar a comhthéacs cultúrtha
- Eispéiris foghlama chomhoibritheacha a éascú ina n-oibríonn scoláirí le chéile ar thionscadail, ag cur obair foirne, scileanna cumarsáide agus malartú cultúrtha chun cinn
- Úsáid a bhaint as ardáin teicneolaíochta chun foghlaim teanga a fheabhsú le huirlisí le haghaidh comhoibrithe fhíorúil, acmhainní ar líne agus ábhar ilmheán a thacaíonn le sealbhú teanga
- Cumarsáid bharántúil sa Ghaeilge a spreagadh trí chásanna fíorshaoil, amhail agallaimh, cuir i láthair, nó tionscadail chomhoibritheacha, chun scileanna teanga praiticiúla a chothú
- Teagmháil a dhéanamh le grúpaí pobail áitiúla agus le himeachtaí cultúrtha chun naisc fhiúntacha a chruthú agus deiseanna a chur ar fáil d'eispéiris thumtha teanga

- Scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt trí anailís a dhéanamh ar théacsanna cultúrtha, ar litríocht agus ar na meáin a bhaineann leis an nGaeilge, trí scoláirí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar dhearcthaí agus léirmhínithe éagsúla
- Feabhas a chur ar nósanna foghlama féinstiúrtha trí acmhainní agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil a thugann deis do scoláirí gnéithe den Ghaeilge agus den chultúr Gaelach a iniúchadh bunaithe ar a gcuid spéiseanna ar leith
- Mothú freagrachta a fháil agus tiomantais d'inbhua-naitheacht na Gaeilge trí fhoghlaim leanúnach teanga a spreagadh thar thréimhse Sheachtain na Gaeilge

## NAISC CHURACLAIM

**Tá réimse réimsí ábhair inar féidir an tionscadal seo a chomhtháthú:**

### Bunscoil: Rang 2 go Rang 6

| ÁBHAR | SNÁITHE |
|---|---|
| **Gaeilge** | • Éisteacht<br>• Labhairt<br>• Léitheoireacht<br>• Scríbhneoireacht |
| **Béarla** | • Glacthacht i leith teanga<br>• Inniúlacht agus muinín maidir le teanga a úsáid<br>• Cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga<br>• Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga |
| **Stair** | • Scéal |
| **Tíreolaíocht** | • Timpeallachtaí an Duine |
| **OSSP** | • Mé féin agus an Domhan Mór |
| **Ceol** | • Éisteacht agus Freagairt<br>• Taibhiú<br>• Cumadh |
| **Ealaín** | • Líníocht<br>• Péint agus Dath<br>• Priontáil<br>• Cré<br>• Foirgníocht<br>• Fabraic agus Snáithín |

**Deiseanna Traschuraclaim:** Scileanna Digiteacha, Corpoideachas, Drámaíocht

### Iarbhunscoil: An tSraith Shóisearach

| ÁBHAR | SNÁITHE |
|---|---|
| **Gaeilge** | • Inniúlacht Chumarsáideach<br>• Feasacht Teanga agus Chultúrtha<br>• Féinfheasacht an Fhoghlaimeora |
| **Béarla** | • Teanga Bhéil; Léitheoireacht; Scríbhneoireacht:<br>• Gnéithe<br>  • Cumarsáid a dhéanamh mar éiste-oir, cainteoir, léitheoir, scríbhneoir<br>  • Teanga a fhiosrú agus a úsáid<br>  • Ábhar agus struchtúr teanga a thuiscint |
| **Stair** | • Nádúr na Staire<br>• Stair na hÉireann |
| **Tíreolaíocht** | • Iniúchadh a dhéanamh ar Dhaoine, Áit agus Athrú |
| **Ceol** | • Eolas Nós Imeachta<br>• Nuálaigh agus Idéigh<br>• Cultúr agus Comhthéacs |
| **Art** | • Ealaín<br>• Ceardaíocht<br>• Dearadh |

**Deiseanna Traschuraclaim:** Scileanna Digiteach

### Iar-bhunscoil: An tSraith Shinsearach

| ÁBHAR | SNÁITHE |
|---|---|
| **Gaeilge** | • Tuiscint<br>• Labhairt<br>• Scríobh |
| **Béarla** | • Tuiscint<br>• Cumadh |
| **Stair** | • Éire sa Nua-aois Luath<br>• Éire sa Nua-aois Dhéanach |
| **Tíreolaíocht** | • Tíreolaíocht Réigiúnach |
| **Ceol** | • Taibhiú<br>• Cumadh<br>• Éisteacht |
| **Ealaín** | • Taighde<br>• Cruthaigh<br>• Freagair |

**Deiseanna Traschuraclaim:** Scileanna Digiteacha

## Meastóireacht agus Measúnú

- Is féidir meastóireachtaí a dhéanamh ar fud an tionscadail tar éis gach gníomhaíochta trí mhachnamh na scoláirí a bhailiú in iris tionscadail, go fisiciúil nó go fíorúil.
- Is féidir le scoláirí punann a chur le chéile freisin (go digiteach) ina dtaispeántar a bhforbairt teanga, a dtaiscéalaíocht chultúrtha agus a rannchuidiú tionscadail chomhoibríoch.
- Is féidir blag a úsáideann Padlet agus físeán YouTube a úsáid in éineacht leis an **TwinSpace** chun an tionscadal a scaipeadh. D'fhéadfaí cód QR a chur ar fáil do scoláirí chun cuairt a thabhairt ar an mblag agus chun freagra a thabhairt ar obair scoláirí eile.
- D'fhéadfadh bileoga machnaimh, logaí foghlama, pobalbhreitheanna ar líne agus plé i bhfóraim eTwinning a bheith san áireamh le huirlisí piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe don tionscadal.
- Is féidir tráth na gceist agus tascanna ar líne a úsáid chun tuiscint ar ábhair chultúrtha, rialacha teanga, agus gnéithe stairiúla a mheas.

## Scaipeadh/obair leantach

- D'fhéadfaí blag tiomnaithe **TwinSpace** agus Padlet a úsáid chun gníomhaíochtaí, éachtaí agus obair thion-scadail a thaispeáint, agus is féidir ardáin meán sóisialta a úsáid chun rannpháirtíocht rannpháirtithe a mholadh.
- D'fhéadfaí Nuachtlitir (Visme) nó Iris (Madmagz) tionscadail ar líne a úsáid chun an tionscadal a dhoiciméadú agus cabhrú le scéal an tionscadail a roinnt le lucht féachana níos leithne.
- Chun obair leantach a dhéanamh ar an tionscadal, baileoidh suirbhéanna iar-thionscadail (Foirmeacha Microsoft/Foirmeacha Google) aiseolas agus is féidir acmhainní breise foghlama teanga a chur ar fáil.

Co-funded by the European Union

Email: etwinning@leargas.ie
LinkedIn: eTwinning Ireland